Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13918/25**

**COH 189**
**SOC 659**
**CADREFIN 252**
**POLGEN 159**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an meastóireacht ar REACT-EU |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 634 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 634 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2025
COM(2025) 634 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an meastóireacht ar REACT-EU**

GA GA

## Clár

1. RÉAMHRÁ ........ 1
2. COMHTHÉACS ........ 1
3. AGHAIDH A THABHAIRT AR RIACHTANAIS A BHAINEANN LE GÉARCHÉIMEANNA ........ 2
4. FREAGAIRT ÉIFEACHTACH AGUS MHEAR AR GHÉARCHÉIMEANNA ........ 3
5. FREAGAIRT CHOMHORDAITHE AR GHÉARCHÉIMEANNA ........ 7
6. LUACH BREISE A BHAINEANN LE BEART ÓN AONTAS ........ 9
7. CONCLÚIDÍ ........ 10

LIOSTA TAGAIRTÍ ........ 12

IARSCRÍBHINN I: TORTHAÍ MEASTÓIREACHTA NÁISIÚNTA REACT-EU SAMPLÁILTE ........

IARSCRÍBHINN II: MODHEOLAÍOCHT AGUS SONRAÍ BREISE ........

Modheolaíocht ........

Sonraí breise ........

## 1. Réamhrá

Tugadh isteach an Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU)[1] in 2020 mar chuid den tionscnamh **Next Generation EU**. **Acmhainní breise a bhí ann do na Ballstáit agus do na réigiúin agus ceapadh é chun tionchair eacnamaíocha agus shóisialta na paindéime a mhaolú**, agus san am céanna tacú le **cuspóirí an Aontais maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach**. In 2022, leathnaíodh raon feidhme REACT-EU chun tacú leis an bhfreagairt ar ghéarchéim dídeanaithe na hÚcráine, agus in 2023, leathnaíodh é a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na géarchéime fuinnimh.

**Thug REACT-EU acmhainní breise de EUR 50,6 billiún agus bhí sé ina bhreisiú ar chláir an bheartais comhtháthaithe 2014-2020 a bhí á reáchtáil cheana féin, ar cláir iad a fuair tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), chomh maith leis an gCiste Eorpach um Chabhair do na Daoine is Díothaí (FEAD) agus an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO).** Chuidigh an cur chuige sin leis na hacmhainní breise sin a chlársceidealú agus a chur chun feidhme go tapa. D'fhéadfaí iad a úsáid go dtí deireadh 2023, mar a tharla cheana féin i gcás na leithdháiltí bunaidh. Ba é an cistiú sin an dara sciar is mó de Next Generation EU.

Le Rialachán REACT-EU[2], ceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach meastóireacht ar an ionstraim a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Cuireann an tuarascáil seo le staidéar tacaíochta ar fhreagairt ar ghéarchéimeanna CFRE ('staidéar tacaíochta maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna') agus leis an staidéar tacaíochta ar mheastóireacht *ex post* CSE. Cuirtear i láthair ann freisin na príomhthorthaí ó shampla anailísí arna ndéanamh ag na Ballstáit mar chuid dá n-oibleagáid meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme REACT-EU.

## 2. Comhthéacs

Idir 2020 agus 2023, bhuail sraith géarchéimeanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo an tAontas. De dheasca phaindéim COVID-19, a thosaigh go luath in 2020, **tháinig suaitheadh tobann tromchúiseach ar gheilleagair, ar shochaithe agus ar chórais cúraim sláinte**. Mar gheall ar an ngéarchéim sláinte, cailleadh daoine, cuireadh sábháilteacht gairmithe cúraim sláinte i mbaol, agus tugadh dúshlán do chostas agus inbhuanaitheacht na gcóras cúraim sláinte. **Mar thoradh ar na bearta sriantacha a tugadh isteach chun stop a chur le leathadh an víris, bhí géarchéim eacnamaíoch ann**, a raibh tionchar éagsúil aici ar fud na n-earnálacha agus na gcríoch, rud a nocht leochaileachtaí ar fud na réigiún agus na ngrúpaí sóisialta, agus a chuir i mbaol méadú ar éagothromaíochtaí.

**D'fhreagair an tAontas don ghéarchéim le sraith gníomhaíochtaí comhordaithe agus comhchoiteanna**. Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, áiríodh ar na bearta comhordú sláinte, soláthar láraithe vacsaíní, tacaíocht airgeadais do scéimeanna coinneála post, forálacha sealadacha fioscacha agus státchabhrach chun tacú leis na Ballstáit. Rud atá tábhachtach, chuir sé Next Generation EU i bhfeidhm, an pacáiste spreagtha fhioscaigh is mó a thug an tAontas isteach go dtí seo. Ba í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

1 Rialachán (AE) 2020/2221.
2 Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/2221.

bunchloch Next Generation EU, agus sholáthair an pacáiste acmhainní breise freisin don bheartas comhtháthaithe trí REACT-EU.

D'eascair sraith géarchéimeanna nua ag a raibh iarmhairtí forleathana as an bhfogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin an 24 Feabhra 2022. **Ba é ceann de na géarchéimeanna ba phráinní ann ná easáitiú cuid mhór de dhaonra na hÚcráine i dtreo an Aontais.** Faoi dheireadh 2023, bhí beagnach sé mhilliún Úcránach easáitithe taifeadta ar fud na hEorpa, agus bhain 4,2 milliún díobh tairbhe as cosaint shealadach laistigh den Aontas Eorpach[3]. Ghéaraigh an t-ionradh freisin ar ghéarchéim fuinnimh a bhí ann cheana toisc gur cuireadh stop le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis. Bhí tionchar diúltach ar leith aige sin ar an Aontas, a bhí ag brath go mór ar fhoinsí seachtracha fuinnimh. Cé gur braitheadh an ghéarchéim fuinnimh ar fud na hEorpa, bhí éagsúlacht mhór ag baint leis an tionchar a bhí aici ar fud na dtíortha agus na réigiún. Maolaíodh na géarchéimeanna comhleanúnacha sin go pointe áirithe leis na bearta arna gclársceidealú mar thoradh ar REACT-EU. Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar REACT-EU i gcomparáid lena chuspóirí tosaigh.

## 3. Aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bhaineann le géarchéimeanna

Chruthaigh an phaindéim gá suntasach le hinfheistíochtaí poiblí i gcórais sláinte na mBallstát agus in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, rud a chuir brú ar bhuiséid náisiúnta. Chruthaigh na géarchéimeanna dúshláin cur chun feidhme freisin d'údaráis chláir an bheartais comhtháthaithe, agus do thairbhithe. Mar gheall ar bhearta sláinte poiblí a tugadh isteach chun srian a chur le leathadh an víris, bhí sé thar a bheith deacair dul i dteagmháil le roinnt spriocghrúpaí, amhail grúpaí leochaileacha agus tairbhithe i gceantair thuaithe iargúlta. Ina theannta sin, mar thoradh ar an obair ar an láthair a chur ar fionraí, cuireadh moill ar roinnt tionscadal bonneagair agus cuireadh roinnt tionscadal bonneagair ar an méar fhada go sealadach. Chuir suaitheadh ar shlabhraí soláthair agus dúnadh teorainneacha tionscnaimh trasteorann níos casta. Is dócha gur mhaolaigh an timpeallacht mhaicreacnamaíoch neamhchinnte an díograis freisin maidir le páirt a ghlacadh i dtionscadail níos fadtéarmaí, lena n-áirítear tionscadail arna gcistiú ag beartas comhtháthaithe, rud a dhéanann difear breise d'iarrachtaí cur chun feidhme.

Cuireadh creat an bheartais comhtháthaithe in oiriúint chun tacú leis na Ballstáit freagairt do na géarchéimeanna, chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus chun an brú ar riaracháin phoiblí náisiúnta agus ar bhuiséid phoiblí náisiúnta a mhaolú. Sholáthair REACT-EU acmhainní breise do chreat an bheartais comhtháthaithe, lena bhforlíontar cláir 2014-2020 a bhí á reáchtáil cheana féin[4]. Ceapadh an ionstraim sin chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime a mhaolú, agus tacú le cuspóirí an dá aistriú san am céanna. Bhí cistiú comhchruinnithe, agus fuair trí thír (an Iodáil, an Spáinn agus an Fhrainc) beagnach dhá thrian de na leithdháiltí iomlána.

[3] Eurostat (2024), le fáil anseo.

[4] Bhí an fhoirmle leithdháilte a cuireadh i bhfeidhm maidir le REACT-EU difriúil le gnáthmhodheolaíocht an bheartais comhtháthaithe. Cé go raibh sé i bhfabhar tíortha lagfhorbartha, bhí caillteanas in OTI agus i bhfostaíocht (an óige) san áireamh san eochair freisin.

**Fíor 1 Loighic idirghabhála atógtha REACT-EU**




*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

Mheas tromlach mór na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo go raibh REACT-EU ailínithe le riachtanais a dtíortha agus a réigiún atá ag teacht chun cinn. Bhí an t-aiseolas dearfach go háirithe maidir le hábharthacht na hionstraime chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí eacnamaíocha na paindéime. Bhí sé criticiúil stop a chur le caillteanas post mar gheall ar an éileamh eacnamaíoch a bhí ag titim go mór. Bhí an chuid is mó de CSE spriocdhírithe ar ghnólachtaí agus ar fhostaithe chun cuidiú leo fostaíocht a choinneáil ar bun trí shocruithe oibre gearr-ama. Bhí tacaíocht a bhaineann leis an tsláinte réasúnta nua i gcomhthéacs an bheartais comhtháthaithe agus maoiníodh í den chuid is mó trí thionscnaimh de chuid na mBallstát. Mar sin féin, d'aithin dhá thrian de na freagróirí ar shuirbhé[5] go raibh REACT-EU ailínithe le riachtanais a bhaineann leis an tsláinte.

## 4. FREAGAIRT ÉIFEACHTACH AGUS MHEAR AR GHÉARCHÉIMEANNA

Bhí REACT-EU éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair sláinte agus eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19, go háirithe trí infheistíocht i mbonneagar sláinte agus tacaíocht do FBManna[6] chomh maith le cur ar a gcumas do chomhlachtaí cur chun feidhme cruthú post a chothú agus fostaíocht ardcháilíochta a áirithiú[7]. Bhain na Ballstáit úsáid as na hacmhainní breise i mbeagnach leath de na cláir[8] agus mhaoinigh siad gníomhaíochtaí fíor-riachtanacha chun tacú leis na hearnálacha is mó a bhí i ngátar, agus na hacmhainní a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí an chláir a bhí beartaithe ar dtús á gcaomhnú san am céanna[9].

Áiríodh i réimse tábhachtach tacaíochta fiontair deontais caipitil oibre do FBManna chun oibríochtaí a choinneáil ar bun le linn an tsleabhctha eacnamaíoch a spreag an phaindéim. San Iodáil, mar shampla, sholáthair REACT-EU tacaíocht do 91 218 bhfiontar le

5 Tacaíocht REACT-EU a chumhdach trí CFRE.
6 Deimhníodh an toradh sin le dhá chás-staidéar thiomnaithe ar staidéar tacaíochta fhreagairt ar ghéarchéimeanna CFRE ar FBManna agus ar an earnáil sláinte agus tacaíonn 88 % de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le CFRE leis an toradh sin.
7 Staidéar tacaíochta don mheastóireacht ex post CSE.
8 45 %
9 Féach Iarscríbhinn VI den mheastóireacht *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe, an staidéar tacaíochta maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna agus a chás-staidéir thiomnaithe maidir le FBManna agus an ghéarchéim sláinte.

leithdháileadh EUR 1,2 billiún, rud a ráthaigh maoiniú foriomlán de níos mó ná EUR 12 bhilliún le haghaidh fiontar. Sholáthair an tacaíocht freagairt láithreach ar riachtanais leachtachta fiontar, chomh maith le tacú lena n-aistriú glas agus digiteach. Leithdháileadh níos mó ná 50 % de na hacmhainní ar réigiúin lagfhorbartha. Fuair gnólachtaí tacaíocht éifeachtach freisin chun poist a chosaint i bpríomhearnálacha an gheilleagair. Mar shampla, choinnigh Clár Coinneála Poist na Cróite 115 000 fostaí (6 % den lucht saothair) i bhfostaíocht[10]. Bhí níos mó ná an ceathrú cuid den tionscnamh i gceist le scéimeanna coinneála poist comhchosúla agus bearta eile sa mhargadh saothair (féach Fíor 2 thíos). Ní hamháin gur thug REACT-EU aghaidh ar riachtanais phráinneacha a d'eascair as an ngéarchéim ach spreag sé infheistíochtaí straitéiseacha freisin. Spriocdhírigh roinnt acu ar dhúshláin láithreacha, amhail acmhainneacht ospidéil a leathnú, agus dhírigh roinnt eile acu ar an gcóras cúraim sláinte a neartú go fadtéarmach, lena n-áirítear infheistíochtaí i dtaighde, i bhforbairt agus i dtrealamh ardfhorbartha. Sa Fhrainc, mar shampla, chistigh REACT-EU ocht dtionscadal in ospidéal Besançon le EUR 12 mhilliún san iomlán, agus fuair Lárionad Sláinte Ollscoil La Réunion scanóir PET [tomagrafaíocht astúchán posatrón], rud a dhúbailt nach mór a acmhainneacht dhiagnóiseach. Le huasghráduithe cistithe, ní hamháin gur méadaíodh an acmhainneacht chun tionchair láithreacha phaindéim COVID-19 a bhainistiú, ach bhí siad tairbheach freisin i ngéarchéimeanna ina dhiaidh sin. Mar shampla, bhí ról lárnach ag trealamh a ceannaíodh le linn na paindéime chun freagairt do ghéarchéim na ndídeanaithe, mar a léirigh an tSeicia, a chuir cóiríocht ar fáil do 300 000 dídeanaí ón Úcráin, ar theastaigh cúram leighis ó roinnt mhaith acu.

**An Bhulgáir – sampla de thacaíocht lánpháirtíochta saothair d'Úcránaigh easáitithe**

Sa Bhulgáir, bhí sé d'aidhm ag tionscadal 'Dlúthpháirtíocht' na Gníomhaireachta Náisiúnta Fostaíochta níos mó ná 9 000 duine easáitithe ón Úcráin a lánpháirtiú sa mhargadh saothair trí thacaíocht shíceolaíoch, gairmthreoir agus treoir ghairmiúil shaincheaptha a thairiscint. Áiríodh ar na bearta fostaíocht fhóirdheonaithe, forlíontaí lánpháirtíochta le haghaidh cóiríochta, dreasachtaí fostóra chun poist a choinneáil, agus tacaíocht mheantóra arb é is aidhm di 4 785 dhuine a bheith fostaithe. Bhí gníomhaíochtaí cumarsáide agus bainistíochta i gceist leis an tionscadal freisin i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cur i bhfeidhm.

**Fíor 2 Príomhinfheistíochtaí téamacha REACT-EU**




*Foinse: an Coimisiún Eorpach. Tabhair faoi deara: rinneadh roinnt réimsí idirghabhála a chlibeáil le haghaidh téamaí iomadúla.*

10 Staidéar don mheastóireacht *ex post* ar CSE.

**Bhí ról lárnach ag an ionstraim maidir le tacú le tionscnaimh um aistriú dúbailte** trí infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, sa digitiú agus i dtionscadail inbhuanaithe eile a chistiú[11]. Bhí an tacaíocht sin ríthábhachtach chun comhsheasmhacht le cuspóirí níos leithne an bheartais comhtháthaithe a áirithiú, go háirithe an bhéim ar théarnamh fadtéarmach agus ar fhorbairt réigiúnach[12]. Sa Danmhairg, soláthraíodh cistiú breise chun bearta an chláir atá ann cheana a neartú, go háirithe san aistriú glas agus sa gheilleagar ciorclach. Ós rud é go raibh leithdháiltí tosaigh 2014-2020 curtha amach ar conradh cheana féin, bhíothas in ann tuilleadh infheistíochta a dhéanamh leis na hacmhainní breise. Chuir an Iodáil aistriú glas an iompair phoiblí áitiúil chun cinn trí bhusanna lánleictreacha nua a cheannach, mar shampla in Bologna (EUR 20 milliún) agus in Catania (EUR 8 milliún). **I gcásanna áirithe, neartaigh na hathruithe an fócas fadtéarmach.** Na FBManna a fuair tacaíocht, chomh maith le bheith maolaithe ó éifeachtaí na ngéarchéimeanna, chonaic siad dul chun cinn maidir le réitigh dhigiteacha agus forbairt bonneagair, ghlac siad teicneolaíochtaí nua agus laghdaigh siad costais. Mar shampla, d'úsáid fiontair sa tionscal fáilteachais na cistí sin chun tabhairt faoi athchóirithe agus chun ard-bhogearraí digiteacha a chomhtháthú chun próiseáil orduithe agus bainistíocht cliant a bharrfheabhsú.

Bhain na Ballstáit úsáid as acmhainní REACT-EU ar bhealaí éagsúla agus chuir siad a bhfreagairt ar ghéarchéimeanna in oiriúint do riachtanais a bhí ag teacht chun cinn[13]. Rud atá tábhachtach, chuir an tsolúbthacht a soláthraíodh ar a gcumas do na mBallstát freisin méideanna níos mó acmhainní a leithdháileadh ar na críocha is mó a bhí i ngátar. Mar shampla, mar thoradh ar an gcistiú a leithdháileadh, tháinig athruithe móra ar dháileadh tosaigh na n-acmhainní san Fhionlainn, le cistí dírithe ar dheisceart agus ar iarthar na Fionlainne, a ndearna an phaindéim difear níos mó dóibh. San Iodáil agus sa tSeicia, b'eintitis phoiblí iad formhór na dtairbhithe díreacha de chistiú REACT-EU[14].

Le cuspóir téamach tiomnaithe, bhíothas in ann dul chun cinn tuairiscithe a rianú. Cuirtear rogha táscairí i láthair thíos. Ar an iomlán, tá éagsúlacht mhór sa dul chun cinn idir na táscairí agus na Ballstáit.

---

11 Féach an staidéar tacaíochta maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna; Nyman et al., 2024; Spule agus Toptsidou, 2024.

12 Deimhnithe ag formhór na bpáirtithe leasmhara a ndearnadh suirbhé orthu, chomh maith leis na meastóireachtaí náisiúnta a sampláladh (Iarscríbhinn I).

13 Staidéar tacaíochta maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna agus tuarascáil speisialta 02/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

14 Dhá thrian san Iodáil. Níl sonraí catagóirithe den sórt sin ar fáil i bhformáid chomhiomlán. Maidir leis an tSeicia, féach EY (2023).

**Fíor 3 Dul Chun Cinn maidir le táscairí REACT-EU go dtí 2022[15]**

| Táscaire | Dul chun cinn faoi 2022 |
| --- | --- |
| Fiontair a dtacaítear leo | 350 000 |
| Poist a coinníodh ar bun trí obair ghearr-ama[16] | 900 000 |
| Rannpháirtithe in oibríochtaí tacaíochta fiontair | 2 000 000 |
| Daoine vacsaínithe | 50 000 000 |
| Daoine ag tairbhiú de sheirbhísí sláinte feabhsaithe | 200 000 |

**Dul chun cinn i dtreo spriocanna (in %) maidir le hocht dtáscaire roghnaithe (CFRE, 2022)**




*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

I dteannta le cistiú breise a sholáthar, thug REACT-EU solúbthachtaí tábhachtacha isteach. Áiríodh orthu sin incháilitheacht chúlghabhálach, lenar cumhdaíodh caiteachas a tabhaíodh sular coigeartaíodh cláir. Mheas údaráis na gclár gur chuidigh an rogha maidir le cómhaoiniú 100 % ón Aontas leis an ualach ar na buiséid náisiúnta a mhaolú agus gur ceadaíodh cistí breise ó bhuiséad an stáit a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí riachtanacha eile. An tráth céanna, is é is cuspóir don chómhaoiniú braistint úinéireachta a chothú ar an leibhéal náisiúnta. Cé gur maolaíodh na rioscaí sin leis an ngéarchéim, d’fhéadfadh an ghné sin seiceálacha na mBallstát a laghdú, rud a mhéadódh an riosca go mbeadh caiteachas neamhéifeachtúil ann, ós rud é go mbaineann riosca íosta d’údaráis náisiúnta le tionscadail atá cistithe go hiomlán ag an Aontas[17]. Tugadh isteach bearta réamh-mhaoinithe freisin chun cuidiú le tíortha amhail an Pholainn agus an Rómáin dul i ngleic le géarchéim na ndídeanaithe, rud a chuir ar a gcumas dóibh leas a bhaint as cistí REACT-EU chun cúnamh a sholáthar láithreach do dhaoine atá ag teacht ón Úcráin.

Cé go raibh an cistiú agus an tsolúbthacht bhreise ríthábhachtach chun mearfhreagairt a áirithiú, bhí dúshláin riaracháin roimh roinnt réigiún maidir le cistí a ath-chlársceidealú. Bhí gá le hacmhainn mhór riaracháin chun tosaíochtaí a choigeartú agus na cistí breise a

15 An bhliain a raibh na sonraí is déanaí ar fáil ina leith tráth scríofa na tuarascála seo. Féach an nóta modheolaíochta in Iarscríbhinn II.
16 6 mhí tar éis dheireadh na tacaíochta
17 CIE (2023); Parlaimint na hEorpa, Kiss-Gálfalvi et al. (2024).

dháileadh, rud a d'fhág go raibh moilleanna ann i gcásanna áirithe. Rinneadh an t-ualach sin níos measa fós mar gheall ar an ngá a bhí ann ullmhú freisin do na cláir nua agus do chéimniú na n-oibríochtaí ó thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020 go dtí tréimhse chlársceidealaithe 2021-2027.

Ina theannta sin, bhí an tréimhse cur chun feidhme gearr, rud a chruthaigh dúshlán don éifeachtacht. Bhí ar thairbhithe tionscadail roinnt eintiteas tionscadail a ullmhú agus a thógáil go tapa, teagmháil a dhéanamh le spriocghrúpaí, taighde agus nuálaíocht nua nó bonneagar eile ba ghá a thabhairt isteach, agus na bearta ba ghá a chur chun feidhme[18]. Tá sonraí ar leibhéal oibríochta mar bhonn taca leis sin, rud a thugann le fios go raibh claonadh ag tionscadail REACT-EU a bheith níos giorra i gcomparáid le tionscadail eile le linn na tréimhse 2014-2020. Ar ndóigh, tá sé sin nasctha go páirteach freisin le cineál idirghabhálacha áirithe, mar shampla trealamh cúraim sláinte nó caipiteal oibre le haghaidh FBManna. Léirigh torthaí an tsuirbhé gur chuir an sprioc-am gearr cur chun feidhme le moilleanna ar roinnt mhaith tionscadal, agus cuireadh cuid acu ar ceal ar deireadh mar gheall ar ghéarchéimeanna comhleanúnacha. Chuir freagróirí i dtábhacht freisin deacrachtaí maidir le tionscadail a roghnú go tapa a bhí ailínithe leis na coinníollacha agus na catagóirí infheistíochta a ceanglaíodh faoi REACT-EU, rud a mhéadaigh moilleanna.

I gcomhthéacs géarchéim sláinte agus athruithe beartais atá ag athrú go tapa, bhí freagairt thapa agus éifeachtach ar phaindéim COVID-19 criticiúil. D'ainneoin chineál fadtéarmach an bheartais comhtháthaithe, d'éirigh le REACT-EU acmhainní a chur in úsáid go tapa. Cé gur sholáthair sé acmhainní nua, bhí fad na caibidlíochta comhreachtaí faoi bhun an mheán-ama le haghaidh leasuithe inchomparáide[19]. Níos tábhachtaí fós, próiseáladh leasuithe ar chlár REACT-EU in aon trian den am a bhí ag teastáil chun na críche sin i gcomparáid leis an tréimhse roimh mhí Feabhra 2020 (i.e. roimh an ngéarchéim). Rinne REACT-EU cistí móra a shlógadh go pras chun éifeachtaí diúltacha na paindéime a chomhrac[20].

## 5. FREAGAIRT CHOMHORDAITHE AR GHÉARCHÉIMEANNA

Bhí tabhairt isteach REACT-EU mar chuid de shraith tionscnamh comhordaithe frith-ghéarchéime. Baineadh úsáid as an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII/CRII+) i gcéimeanna luatha na paindéime mar chuid d'atreorú acmhainní ó infheistíochtaí struchtúracha fadtéarmacha chun riachtanais ghéarchéime phráinneacha a chomhlíonadh[21]. Ba é REACT-EU leanúint agus leathnú na mbeart frith-ghéarchéime a tugadh isteach le CRII agus CRII+, ach le raon feidhme agus uaillmhian i bhfad níos leithne. Sholáthair sé cistiú breise chun tacú le hiarrachtaí téarnaimh níos fadtéarmaí, lena n-áirítear tacaíocht do FBManna, don tsláinte agus don fhostaíocht. Cuireadh roinnt infheistíochtaí struchtúracha fadtéarmacha siar mar gheall ar an bpaindéim. Mar sin féin, le cistiú breise ó REACT-EU, bhíothas in ann níos mó gníomhaíochtaí a dhéanamh gan

[18] Nyman et al., 2024.

[19] 209 lá i gcomparáid le 220 (in 2007-2013 agus 2014-2020). Figiúirí bunaithe ar Thuarascáil Speisialta CIE 02/2023.

[20] Deimhnithe freisin i dtuarascáil 2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

[21] Tá tuilleadh mionsonraí maidir le sásraí géarchéime uile an bheartais comhtháthaithe le fáil sna meastóireachtaí *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe agus sa mheastóireacht *ex post* ar CSE. Maidir le CRII, féach freisin an Réamh-mheastóireacht ar an tacaíocht arna soláthar ag CSE agus FEAD faoi na Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII+) - SWD(2023) 249 final.

loighic bhunaidh na gclár a athrú, agus úsáid á baint as na cláir agus as na struchtúir a bhí i bhfeidhm an tráth céanna.

Ghníomhaigh REACT-EU freisin mar dhroichead idir clárthréimhsí agus bhí ról ríthábhachtach aige maidir le gníomhaíochtaí infheistíochta a athbheochan, go háirithe trí ailíniú le cuspóirí an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais. Mar shampla, i gClár Oibríochtúil Infheistíochtaí san Fhás agus san Fhostaíocht na hOstaire chun cistí CFRE 2014-2020 a úsáid, d'fheidhmigh REACT-EU mar shásra idirthréimhseach, lenar cumasaíodh maoiniú tionscnamh aistrithe ghlais agus tionscnamh aistrithe dhigitigh.

**Fíor 4 Seicheamh bhearta fioscacha frith-ghéarchéime an Aontais**




*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

Rannchuidigh na cistí le rátaí fostaíochta a choinneáil ar bun le linn na paindéime, in éineacht leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gCás Éigeandála (SURE), trí bhearta spriocdhírithe chun poist a choinneáil ar bun agus chun tacú leis an oiriúnú[22]. I roinnt tíortha, rinneadh SURE agus REACT-EU a chomhcheangal go héifeachtach chun scéimeanna coinneála poist a mhaoiniú. Sa Spáinn, mar shampla, díríodh EUR 2,7 billiún d'acmhainní REACT-EU ar obair ghearr-ama[23].

Le dearadh agus cur chun feidhme tapa REACT-EU, bhí dúshláin ann freisin maidir le comhleanúnachas le hionstraimí eile de chuid an Aontais a áirithiú. Spriocdhírigh REACT-EU agus STA araon ar earnálacha comhchosúla, amhail an timpeallacht ghnó agus taighde, rud a chruthaíonn riosca forluí. Cé go raibh an t-idirdhealú idir an dá ionstraim soiléir go ginearálta, ní raibh siad comhordaithe go foirmiúil i gcónaí, rud a chuir ualach riaracháin ar údaráis na gclár. Rinne práinn na cinnteoireachta difear freisin do chomhsheasmhacht inmheánach, toisc go raibh mí-ailíniú ann uaireanta idir cuspóirí ath-chlársceidealaithe agus oibríochtaí iarbhír mar thoradh ar luas an chur chun feidhme. Mar shampla, leithdháil roinnt

[22] Sa staidéar a thacaíonn le meastóireacht *ex post* CSE fuarthas fianaise dhaingean ar rannchuidiú oibríochtaí fostaíochta a bhaineann leis an bpaindéim ag CSE faoi CRII. Cé go bhfuil sonraí maidir le REACT-EU níos teoranta, in éineacht le CRII, léirítear leis an bhfianaise sa chás-staidéar freisin go bhfuil éifeacht dhearfach ar rannchuidiú leis an téarnamh paindéime i réimse na fostaíochta, agus deimhnítear é sin a thuilleadh le fianaise ó bhailiú sonraí príomhúla trí agallaimh agus suirbhéanna.

[23] ICF (2024).

réigiún cistí ar dtús ar thionscadail a bhaineann leis an tsláinte ach shainaithin siad riachtanais níos práinní ina dhiaidh sin in earnálacha amhail an t-oideachas agus an fhostaíocht, rud a d'éiligh ath-chlársceidealú breise agus bhí moilleanna mar thoradh air.

Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh an fhreagairt náisiúnta agus gníomhaíochtaí REACT-EU comhleanúnach, agus go raibh ról comhlántach tábhachtach ag an ionstraim. Le linn na paindéime, dhírigh bearta a dtacaítear leo ar infheistíocht agus ar bhonneagar le dearcadh níos fadtéarmaí, ach i roinnt tíortha chuaigh cistí náisiúnta agus réigiúnacha i dtreo riachtanais phráinneacha nach raibh chomh casta céanna (e.g. vacsaíní sa tSeicia). Ar an leibhéal réigiúnach, bhí ionstraimí an bheartais comhtháthaithe ríthábhachtach chun leachtacht agus solúbthacht a sholáthar, go háirithe maidir le tacaíocht do FBManna agus bearta éigeandála, rud a treisíodh iarrachtaí náisiúnta. Ní bhfuarthas aon fhianaise sa mheastóireacht go ndearnadh acmhainní náisiúnta ná cistiú dúbailte a easáitiú.

## 6. LUACH BREISE A BHAINEANN LE BEART ÓN AONTAS

Cuireann an fhianaise a bailíodh i dtábhacht gur rannchuidigh tacaíocht trí REACT-EU go héifeachtach leis an téarnamh iarphaindéime. An tráth céanna, ba sciar measartha beag den fhreagairt fhoriomlán ar ghéarchéimeanna a chuir na Ballstáit i bhfeidhm iad na hacmhainní a slógadh le haghaidh bearta frith-ghéarchéime de chuid an bheartais comhtháthaithe, lena n-áirítear cistiú REACT-EU[24]. Mar sin féin, bhí an cistiú breise ríthábhachtach do roinnt mhaith réigiún agus earnálacha.

**Breisluach tábhachtach a bhain le REACT-EU ba ea gur dhírigh sé tacaíocht ar réigiúin a bhfuil acmhainní airgeadais teoranta acu agus nach bhféadfadh acmhainní náisiúnta amháin bearta frith-ghéarchéime a bhfuil an raon feidhme céanna acu a sheachaid.** Trí fhócas críochach an bheartais comhtháthaithe a choinneáil ar bun, thug REACT-EU tús áite do thacaíocht do réigiúin lagfhorbartha. Deimhnítear le haiseolas ó pháirtithe leasmhara agus le meastóireachtaí náisiúnta go mbeadh scála foriomlán na tacaíochta, chomh maith le caiteachas ar infheistíochtaí fadtéarmacha san aistriú glas agus san aistriú digiteach, níos lú gan cistiú REACT-EU[25]. Trí REACT-EU, bhí an deis ag cláir leanúint de thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí a bhí dírithe ar an todhchaí seachas acmhainní a dhíriú go hiomlán ar bhearta éigeandála.

Thairis sin, bhí éifeachtaí dearfacha forleathana ag cistí REACT-EU ar mharthanacht tionscadail, ar bhuiséid náisiúnta, ar spriocghrúpaí nua (e.g. pearsanra cúraim sláinte), agus ar luas an chur chun feidhme, go háirithe i réimsí a bhaineann leis an aistriú glas, forbairt inniúlachta, digitiú, agus cúnamh leighis. Ina theannta sin, tráth a ndearnadh bearta frith-ghéarchéime a lárú den chuid is mó, chuidigh REACT-EU lena áirithiú go leanfadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha de bheith rannpháirteach i mbainistiú na géarchéime.

[24] I gcomparáid le EUR 50,6 billiún REACT-EU, shlóg freagairt náisiúnta ar ghéarchéimeanna FBManna EUR 2,3 trilliún ar fud na mBallstát uile, 11 oiread na gcistí a slógadh le haghaidh na géarchéime sláinte (EUR 202 bhilliún) agus ceithre oiread na gcistí a slógadh le haghaidh na géarchéime fuinnimh (EUR 539 mbilliún).

[25] Féach an staidéar tacaíochta maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna agus torthaí na meastóireachtaí náisiúnta in Iarscríbhinn II.

## 7. CONCLÚIDÍ

**Bhí REACT-EU tapa agus - i bhfianaise a mhéid fhoriomláin - bhí sé éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair sláinte agus eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 agus chun an dá chlárthréimhse a dhúnadh. Chuir sé cur chun feidhme an chéad chreata eile chun cinn, go háirithe trí na bearta téarnaimh lena leagtar síos an bunús do chláir 2021-2027 chun athléimneacht na mBallstát agus na réigiún a fheabhsú.** Thairis sin, **chuidigh REACT-EU lena áirithiú go raibh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach sa fhreagairt**, agus go raibh roinnt mhaith sásraí freagartha ar ghéarchéimeanna eile (ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon) níos láraithe.

**Bhí athruithe agus bearta a tugadh isteach leis na sásraí freagartha ar ghéarchéimeanna agus REACT-EU ábhartha chun riachtanais agus dúshláin a bhí ag teacht chun cinn a chomhlíonadh**, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar sláinte agus trí thacaíocht do FBManna. Shlóg REACT-EU EUR 9,6 billiún chun tacú le bearta sláinte, lena n-áirítear bonneagar cuisnithe vacsaíní, rud a bhí ríthábhachtach do leathadh amach na vacsaíní. Ina theannta sin, sholáthair REACT-EU deontais caipitil oibre do FBManna agus fóirdheontais phá d'fhostaithe chun cuidiú leo fanacht i ngnó agus fanacht fostaithe, faoi seach, le linn an tsleabhctha arb í an phaindéim ba chúis leis, agus chun téarnamh a éascú trí éileamh eacnamaíoch a fhilleadh ar ais. Mar chuid de na bearta foriomlána freagartha ar ghéarchéimeanna, bhí ról tábhachtach aige maidir leis an tionchar diúltach eacnamaíoch ar FBManna a mhaolú, agus measadh gur bhain 1,5 % de FBManna an Aontais tairbhe dhíreach as tacaíocht REACT-EU. Mar chomparáid, bhí ann thart ar 2 % den fhreagairt fhioscach fhoriomlán ar an bpaindéim.

Chuir **cómhaoiniú 100 % ón Aontas** deireadh leis an ngá atá le cómhaoiniú náisiúnta, rud a **raibh tábhacht ar leith ag baint leis i réigiúin ina raibh buiséid níos gainne, rud a chuir ar a gcumas dóibh bogadh go tapa**.

Chuir REACT-EU dlús le cur chun feidhme toisc gur áirithíodh leis an gcistiú breise go **bhféadfadh na Ballstáit acmhainní a shlógadh go tapa gan iallach a bheith orthu cistí a atreorú ó thosaíochtaí eile**. An tráth céanna, **bhí roinnt dúshlán roimh éifeachtacht REACT-EU mar gheall ar an tréimhse ghearr cur chun feidhme chun cistiú a úsáid**. Bhí ar thairbhithe an tionscadail roinnt eintiteas tionscadail a ullmhú agus a thógáil go tapa, teagmháil a dhéanamh le spriocghrúpaí agus taighde agus nuálaíocht nua a dhéanamh. Cé go raibh an cistiú agus an t**solúbthacht bhreise ríthábhachtach chun mearfhreagairt a áirithiú, bhí dúshláin riaracháin roimh roinnt réigiún maidir leis na hacmhainní a chlársceidealú**. Bhí gá le hacmhainneacht mhór chun tosaíochtaí a choigeartú agus na cistí breise a dháileadh, rud a d'fhág go raibh moilleanna ann i gcásanna áirithe. Trí chuspóir téamach tiomnaithe a bheith ann, bhíothas in ann caiteachas agus feidhmíocht a rianú, rud a mhéadaigh an trédhearcacht d'ainneoin chomhthéacs na géarchéime.

**D'ainneoin gur ionstraim ghéarchéime é REACT-EU, d'fhan sé comhsheasmhach le cuspóirí níos leithne an bheartais comhtháthaithe**, go háirithe an fócas ar théarnamh fadtéarmach agus ar fhorbairt réigiúnach. Deis a bhí ann tacú le bonneagar sláinte, seirbhísí sóisialta agus fiontraíocht, agus d'áirithigh sé go raibh na réigiúin níos ullmhaithe do dhúshláin amach anseo. Bhí ról ag bearta REACT-EU freisin maidir le **tacú le tionscnaimh um aistriú dúbailte trí infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, sa digitiú agus i dtionscadail inbhuanaithe eile a chistiú**.

Fuarthas amach go raibh REACT-EU comhleanúnach den chuid is mó le bainistiú géarchéime an Aontais, le hailíniú soiléir spriocanna, go háirithe maidir le cúram sláinte agus tacaíocht do FBManna sna céimeanna tosaigh. Mar sin féin, bhí cásanna d'fhorluí agus de shaincheisteanna comhordúcháin ann, go háirithe maidir le rannpháirtíocht údaráis chláir an bheartais comhtháthaithe in ullmhú na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

Thángthas ar an gconclúid i meastóireachtaí *ex post* 2014-2020 agus i meastóireacht mheántéarma 2021-2027 nach mór don bheartas comhtháthaithe aghaidh a thabhairt fós ar roinnt saincheisteanna maidir le hacmhainneacht riaracháin agus nósanna imeachta casta. Mar sin féin, léiríonn sampla REACT-EU gur féidir leis an gcóras seachadta fiú **le linn géarchéime a bheith ina mheán éifeachtach chun cistí a eisíoc agus tionscadail a bhainistiú**.

## LIOSTA TAGAIRTÍ


Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (2025) 05/2025: Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip — Solúbthacht mhéadaithe ach tá bac ar mheasúnú ar éifeachtacht amach anseo mar gheall ar shonraí neamhleora

Spatial Foresight, ÖIR, t33 agus wiiw (2025 - le teacht), *WP12: Crisis response - Ex post evaluation of the 2014-2020 programming period* [WP12: Freagairt ar ghéarchéimeanna - Meastóireacht *ex post* ar chlárthréimhse 2014-2020] – dá dtagraítear mar staidéar tacaíochta maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna

Tuarascáil Speisialta 05/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip*

Tuarascáil Speisialta 02/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Rialacha an bheartais comhtháthaithe a oiriúnú chun freagairt ar COVID-19*

Ecorys, Ismeri Europa, agus 3s (2025 - le teacht): *Study supporting the ex-post evaluation of the 2014-2020 European Social Fund and Youth Employment Initiative* [Staidéar lena dtacaítear leis an meastóireacht *ex post* ar Chiste Sóisialta na hEorpa 2014-2020 agus ar an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg] – dá dtagraítear mar Staidéar tacaíochta do mheastóireacht *ex post* CSE.

Kiss-Gálfalvi, T., Alcidi, C., Ounnas, A., Rubio, E., Crichton-Miller, H., Gojsic, D. (2024), *Lessons learned from the implementation of crisis response tools at EU level. Part 1: Assessing implementation and implications* [Ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme uirlisí freagartha ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais. Cuid 1: Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar impleachtaí]

Dozhdeva, V agus Jabri, E. (2023), *Reconciling crisis response and long-term objectives: Dealing with multiple pressures in Cohesion Policy programmes* [Freagairt ar ghéarchéimeanna agus cuspóirí fadtéarmacha a réiteach: Déileáil le brúnna iomadúla i gcláir an Bheartais Comhtháthaithe], Tuarascáil chuig an 53ú Comhdháil IQ-Net.

Dozhdeva, V., & Fonseca, L. (2021), *Chain REACTion: Shifting Cohesion Policy Priorities in a New Reality* [Imoibriú Slabhrúil: Tosaíochtaí an Bheartais Comhtháthaithe a Athrú i Réaltacht Nua].

Böhme, K., Mäder Furtado, M., Toptsidou, M., Zillmer, S., Hans, S., Hrelja, D., Valenza, A., Mori, A., (2022a), *The impact of the COVID-19 pandemic and the war in Ukraine on EU cohesion. Part II: Overview and outlook* [Tionchar phaindéim COVID-19 agus an chogaidh san Úcráin ar chomhtháthú an Aontais. Cuid II: Forbhreathnú agus ionchas], Taighde do Choiste REGI. Parlaimint na hEorpa, An Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, an Bhruiséil.

Böhme, K., Zillmer, S., Hans, S., Hrelja, D., Valenza, A., Mori, A., (2022b), *The impacts of the COVID-19 pandemic on EU cohesion and EU cohesion policy. Part I: Overview and first analysis* [Tionchar phaindéim COVID-19 ar chomhtháthú an Aontais agus ar bheartas comhtháthaithe an Aontais. Cuid I: Forbhreathnú agus an chéad anailís]. An Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, an Bhruiséil.

Nyman, J., Heikkinen, B., Pitkänen, S., Ranta, T., (2024), *REACT-EU-LISÄRAHOITUKSEN ARVIOINTI.* MDI, Heilsincí.

Spule, S., Toptsidou, M., 2024. *Évaluation des projets REACT-EU au Luxembourg*. Spatial Foresight, Heisdorf.

ICF (2024), *Meastóireacht ar an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála.*

EY (2023), *Vyhodnocení využití dodatecné alokace REACT-EU*